Gaelscoil na Fuinseoige
oifig@gsnafuinseoige.ie
(01) 298 9851
www.gsnafuinseoige.ie

Nuachtlitir
Deireadh Fómhair, 2022

FÁILTE / *WELCOME*

A chairde,

Tá súil agam go bhfuil sibh go maith agus go mbaineann sibh taitneamh as nuacht na míosa seo a léamh.

I hope this newsletter finds you all well. Enjoy reading up on this month's news in Gaelscoil na Fuinseoige.

Aisling

COISTE CAIRDE

Bhí cruinniú den Choiste Cairde ann le déanaí sa scoil. Is í Gráinne O' Reilly an cathaoirleach nua, Henry Bouchier an rúnaí, Kate Delaney fós ina cisteoir agus beidh Yvonne Ryan ag tabhairt faoi chúrsaí IT. Tá fo-choistí eile curtha le chéile chun imeachtaí éagsúla scoile a eagrú. Ba mhaith linn buíochas ollmhór a ghabháil le Emma Flynn, iar-chathaoirleach an choiste a rinne obair na gcapall ar son na scoile. B'éacht é ócáidí a eagrú i rith na paindéime agus táimid go mór faoi chomaoin aici. Buíochas freisin le Brendan O' Connor, iar-rúnaí an choiste a bhí ann le blianta agus a chur go mór le cúrsaí scoile. Go raibh míle maith agaibh beirt.

We recently held a very successful Coiste Cairde meeting in the school. Grainne O' Reilly is the new chairperson of the coiste, Henry Bouchier the new secretary, Yvonne Murphy will be looking after IT and Kate Delaney will remain on as treasurer. We also set up sub-committees to organise various events in the school throughout the year. We are extremely grateful to all of you who have offered to help in any way for the betterment of the school, all help enhances the children's experiences in school. We would like especially thanks Emma Flynn who has stepped down as cathaoirleach of the coiste. Emma worked tirelessly on behalf of the school, managing to keep activities and fundraising up and running during the pandemic. No tan easy task and we are extremely grateful to her for all her work. Brendan O' Connor has also stepped down as secretary and like Emma, Brendan has work extremely hard on behalf of the school for the last few years and we would not have been able to undertake the many coiste events without his help. Míle buíochas.

TIONÓL / *ASSEMBLY*

Bíonn tionól againn gach maidin Aoine i halla na scoile. Ag an tionól, déanaimid iarracht treisiú a dhéanamh ar dhea-iompar na bpáistí agus labhraímid faoi imeachtaí scoile agus rudaí speisialta atá ar siúl sa scoil. Chomh maith le sin, déanaimid iarracht aitheantas a thabhairt do pháistí a rinne éacht in aon ghné de chúrsaí scoile an tseachtain sin. Tugaimid Teastas na Gaeilge amach chomh maith do phaistí a sheas amach ó thaobh labhairt na Gaeilge de an tseachtain sin.

We have whole-school assembly in the hall every Friday morning. At assembly we to try to reinforce and commend positive behaviour and we speak about any events or occasions happening in the school that week. We also try to acknowledge any special achievements or efforts the children have made that week. We also award "Teastas na Gaeilge" to children who have made a special effort with their Irish that week.

FÉINMHEASTÓIREACHT SCOILE / *SCHOOL SELF EVALUATION*

Tá folláin roghnaithe againn mar fhoireann don FMS. Beimid ag obair ar fholláine agus ar cheol sa scoil. Cuirfear ceistneoir abhaile go luath chun bhur dearcadh faoi chúrsaí folláine sa scoil a fháil.

We have chosen wellbeing (incorporating music also) as our focus for SSE. We will shortly be sending a questionnaire on your opinions on wellbeing in the school to help inform our planning.

SOS LÁR TÉARMA / *MID TERM BREAK*

Táimid ag dúnadh ar an Aoine, 25ú Deireadh Fómhair ag 1.10in agus 2.10in don bhriseadh meán téarma. Osclóidh an scoil arís ar an Luan, 4ú Samhain.

The school will close for midterm on Friday, 28 October and reopen on Monday, 7 November.

MÍ NA MATAMAITICE / *MATHS MONTH*

An mhí seo, Mí Dheireadh Fómhair beidh Mí na Matamaitice againn. Beidh gach rang ag déanamh oibre bhreise sa mhata. Tá seomra STEM againn sa bhloc sinsearach agus beidh seisiúin ag gach rang ann gach seachtain ag obair go gníomhach ar mhata. Is é Tomhais an téama a bheidh á dhéanamh againn.

This month is Maths Month in the school. We will all be doing extra maths activities during the month and each class will have a session in the STEM room in the senior block once a week. The theme we are working on is Measures. Each class will engage in concrete learning with our vast array of maths equipment during the month. This will be great for the children.

CUMHDACH LEANAÍ / *CHILD PROTECTION*

Tá Ráiteas Cumhdach Leanaí ar fáil ar an gclár fógraíochta taobh istigh de dhoras na scoile. Tá sé ar fáil freisin ar an suíomh idirlín, www.gsnfuinseoige.ie .

The Child Safeguarding Statement is available to read on the noticeboard inside the main door of the school. It is also available on our school website, www.gsnafuinseoige.ie.

CRUINNITHE TUISTÍ-MÚINTEOIRÍ / *PARENT-TEACHER MEETINGS*

Beidh Cruinnithe tuismitheoirí ar siúl an tseachtain 18ú-22ú Samhain. Cuirfear nóta abhaile faoi roimh ré. Beidh cruinnithe na naíonán shóisearacha ar siúl Mí Feabhra.

The parent teacher meetings for Naíonáin Shinsearacha –Rang a 5 will be held the week of 18th-22nd November. Parents will receive more information the first week in November. The meetings for Junior Infants will be held in February.

AN BUS ROTHAÍOCHTA SCOILE

Míle comhghairdeas leis an mbus rothaíochta scoile a bhuaigh duais "School Cycle Bus of the Year". Táimid an-bhródúil as seo agus bheadh sé níos fearr fós teaghlaigh eile a fheiceáil ar an mbus.

The school cycle bus won a nationwide award last week as the best school cycle bus in the country. We are very proud of this achievement and would love to see more families joining the bus. Congratulations to all involved!

FOIREANN PEILE NA FUINSEOIGE / *SCHOOL FOOTBALL TEAM*

Don chéad uair riamh táimid ag glacadh páirte i gcomórtais peile Cumann na mBunscol. Tá 47 páiste ar an bpainéal atá do-chreidte. D'imríomar dhá chluiche den scoth agus tá ard-mholadh tuillte ag an páistí ar fad atá ar an bhfoireann. Míle buíochas le Múinteoir Aodhagán agus Múinteoir Diarmuid atá ag bainistiú na foirne.

For the first time ever, we are competing in the Cumann na mBunscol football competition. We have 47 children from Rang 3, 4 and 5 on the panel, which is a credit to all the children involved. We played two fantastic, nail biting matches and were very impressed with the high standard of football in the school. Thanks to Múinteoir Aodhagán and Múinteoir Diarmuid who are managing the team.

CRAOBH NA FUINSEOIGE

Mar is eol daoibh bíonn ranganna ceoil ar siúl sa scoil gach oíche Luan. Tá ag éirí go hiontach leis an gcraobh le níos mó ná 160 páiste ag foghlaim uirlise ann.

As you know, Craobh na Fuinseoige have music lessons in the school every Monday night. There are over 160 children learning musical instruments in the craobh. Maith sibh a pháistí.